Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13537/21**
**ADD 2**

**AGRI 523**
**ENV 817**
**FORETS 68**
**PROCIV 134**
**JUR 616**
**DEVGEN 195**
**RELEX 933**
**UD 271**
**PROBA 47**
**FAO 39**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030<br>- *Formheas* |

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tá foraoisí an Aontais Eorpaigh agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí ríthábhachtach le haghaidh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Cé nach luaitear 'beartas foraoise' go sainráite sna Conarthaí, tá réimse inniúlachtaí ag an Aontas Eorpach a d'fhéadfadh baint a bheith acu le foraoisí amhail aeráid, comhshaol, forbairt tuaithe agus cosc tubaistí. D'fheidhmigh an tAontas Eorpach na hinniúlachtaí sin cheana féin, agus cumhdaítear foraoisí i roinnt téacsanna dlíthiúla. Sna réimsí sin d'inniúlachtaí comhroinnte an Aontais, ní thagann foraoisí agus foraoiseacht faoi réim inniúlacht eisiach na mBallstát. Ní mór an bunús dlí ceart a roghnú de réir an cháis agus ní mór an rogha a bhunú ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear, aidhm agus ábhar an bhirt go háirithe. Ní mór d'ionstraimí dlí a bheith i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.